*Rang 6 / Bliain 8 (Yr8)*

**Cois Farraige** *(Le Seán Ó Muimhneacháin)*

Tá tonnta na farraige
Ag briseadh ar an trá;
Tá naomhóga is tráiléirí
Ag seoladh ar an mbá.

Is breá liom bheith cois farraige
Nuair a bhíonn an lá go breá
Ag lapadáil san uisce
Is ag súgradh ar an trá.

Ag dreapadh ar bharr áille
Nó ag bailiú stór sliogán
Ag iascach i bpoll carraige
Ach seachain an portán.

Ba bhreá liom dul thar farraige
Go tíortha i bhfad i gcéin,
Ar bord na loinge móire
Agus mise mar chaptaen.

D’fheicinnse na calafoirt
‘s na hiontais go léir,
Ach bheinn ar ais sa bhaile
Le mam i gcomhair an tae.